**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 12 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach – Éire) – Forghníomhú barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne W O, J L**

**(Cás C-480/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An dara mír d'Airteagal 12 – Ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí – Easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe – Measúnú dhá chéim – Critéir maidir le cur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach fíorú ar mhodh nithiúil agus beacht an bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go bhfuil, i gcás go dtugtar suas an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, fíorbhaol ann go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí)***

(2022/C 368/10)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Chúirt Uachtarach

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* W O, J L

*Páirtí idirghabhála:* An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a dtugtar air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas, lena dtugtar le fios go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta a cheapadh, nach bhféadfaidh an t-údarás sin diúltú don duine sin a thabhairt suas:

— i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ach amháin má chinneann an t-údarás sin go bhfuil, in imthosca sonracha an cháis, forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, ag cur san áireamh go háirithe an fhaisnéis a sholáthair an duine sin a bhaineann le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a rinne a chás coiriúil a éisteacht nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta sin a mheasúnú, gur sáraíodh ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, agus

— i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, ach amháin má chinneann an t-údarás céanna sin, in imthosca sonracha an cháis, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, agus an fhaisnéis a sholáthair an duine lena mbaineann á cur san áireamh go háirithe maidir lena chúinsí pearsanta, cineál an chiona a bhfuil sé á ionchúiseamh ina leith, an comhthéacs fíorasach lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta cúirte ar dócha go n-iarrfar uirthi na himeachtaí a bhaineann leis an duine sin a éisteacht, go bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach sin.

[1] IO C 391, 27.09.2021